RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/617 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Aibreán 2021

lena leasaítear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 agus (AE) 2020/2236 a mhéid a bhaineann le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha agus deimhnithe sláinte/oifigiúla ainmhithe caighdeánacha chun ainmhithe uisceacha áirithe agus táirgí ar de bhunadh ainmhíoch iad a thabhairt isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le rialacha sonracha sláinteachais a leagadh síos i dtaca le bia de bhunadh ainmhíoch ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(2)(a) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("An Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([2]), agus go háirithe Airteagail 213(2) agus 224(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ([3]) agus (AE) 2020/2236 ([4]) ón gCoimisiún leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha chun ainmhithe uisceacha áirithe agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thabhairt isteach san Aontas.

(2) Ní fhéadfar coinsíneachtaí ainmhithe uisceacha beo atá ceaptha le caitheamh ag an duine a thabhairt isteach san Aontas ach amháin má chomhlíonann siad na rialacha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. Maidir leis an bhfoclaíocht a úsáidtear i nótaí áirithe a leagtar amach sna deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha i dtaca le héisc bheo, crústaigh bheo, moilisc dhébhlaoscacha bheo, eicínideirmigh, túinicigh, gastrapóid mhara agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó na hainmhithe sin i gCaibidlí 28 agus 31 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235, d'fhéadfaí débhríocht a bhaint as an bhfoclaíocht sin a mhéid a bhaineann le ceanglais sláinte poiblí. Dá bhrí sin, chun míthuiscintí a chosc agus chun comhleanúnachas a áirithiú idir ceanglais sláinte phoiblí agus ceanglais sláinte ainmhithe maidir le coinsíneachtaí ainmhithe uisceacha beo áirithe atá ceaptha le caitheamh ag an duine a thabhairt isteach san Aontas, ba cheart na nótaí a leagtar amach sna deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha i dtaca le héisc bheo, crústaigh bheo, moilisc dhébhlaoscacha bheo, eicínideirmigh, túinicigh, gastrapóid mhara agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó na hainmhithe sin i gCaibidlí 28 agus 31 d'Iarscríbhinn III a leasú dá réir.

([1]) IO L 139, 30.4.2004, lch. 55.
([2]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.
([3]) IO L 442, 30.12.2020, lch. 1.
([4]) IO L 442, 30.12.2020, lch. 410.
([5]) Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

(3) Chun soiléireacht iomlán a áirithiú sna nótaí a bhaineann leis na deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha i dtaca le héisc bheo, crústaigh bheo, moilisc dhébhlaoscacha bheo, eicínideirmigh, túinicigh, gastrapóid mhara agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó na hainmhithe sin, ar nótaí iad a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235, ba cheart a bheith soiléir go sainráite leo nach bhféadfar coinsíneachtaí ainmhithe uisceacha beo atá ceaptha le caitheamh ag an duine a thabhairt isteach san Aontas ach amháin má chomhlíonann siad Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

(4) Ina theannta sin, chun comhleanúnachas a áirithiú idir ceanglais sláinte poiblí agus ceanglais sláinte ainmhithe maidir le hainmhithe uisceacha beo áirithe atá ceaptha le caitheamh ag an duine a thabhairt isteach san Aontas, ní mór leasuithe áirithe a dhéanamh ar theideal an deimhnithe sláinte ainmhithe chaighdeánaigh i dtaca le hainmhithe uisceacha atá ceaptha le cur i mbunaíochtaí dobharshaothraithe áirithe, atá le scaoileadh amach san fhiadhúlra, nó chun críocha eile, agus ar na nótaí a ghabhann leis an deimhniú sláinte ainmhithe sin, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236. Is gá na leasuithe sin chun a áirithiú go bhfuil sé soiléir go sainráite nach bhféadfar an deimhniú seo a úsáid le haghaidh coinsíneachtaí ainmhithe uisceacha atá ceaptha le caitheamh ag an duine. Cé go meastar gur bunaíochtaí dobharshaothraithe iad lárionaid íonúcháin agus lárionaid seolta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429, leis na rialacha sláinte poiblí cuirtear cosc ar ainmhithe uisceacha a thabhairt isteach san Aontas más lárionaid íonúcháin atá ina cheann scríbe acu, nó faoi choinníollacha áirithe, más lárionaid seolta a gceann scríbe.

(5) Chun soiléireacht a chur ar fáil i leith an mhéid sin, agus chun míthuiscintí a chosc, maidir leis an deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach i dtaca le hainmhithe uisceacha a thabhairt isteach san Aontas, ar ainmhithe iad atá ceaptha le cur i mbunaíochtaí dobharshaothraithe áirithe, atá le scaoileadh amach san fhiadhúlra, nó chun críocha eile, ach nach bhfuil le caitheamh ag an duine, ar deimhniú é a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236, ba cheart é a leasú chun a áirithiú go bhfuil sé soiléir nach bhféadfar coinsíneachtaí ainmhithe uisceacha beo atá ceaptha le caitheamh ag an duine a thabhairt isteach san Aontas ach amháin má chomhlíonann siad Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

(6) Ós rud é go mbeidh feidhm ag Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 agus (AE) 2020/2236 le héifeacht ón 21 Aibreán 2021, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo freisin ón dáta sin.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 mar a leanas:

1. I gCaibidil 28, an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil caighdeánach i dtaca le héisc bheo, crústaigh bheo agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó na hainmhithe sin atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine (FISH- CRUST-HC CAIGHDEÁNACH) a thabhairt isteach san Aontas, leasaítear é mar a leanas:

   (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II.2.3.1:

   "(4)(6)[II.2.3.1. Tá siad faoi réir na gceanglas i gCuid II.2.4 agus is de thionscnamh (4)[tír] (4)[críoch] (4)[limistéir] (4)[urrann] le (5)cód:_ - __ a liostaítear, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo, ar liosta tríú tíortha agus críocha a ghlac an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 230(1) de Rialachán (AE) 2016/429 i dtaca le (3)[ainmhithe uisceacha] (3)[táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha seachas ainmhithe uisceacha atá beo] a thabhairt isteach san Aontas;]"

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na Nótaí:

"**Nótaí**

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, baineann tagairtí don Aontas Eorpach sa deimhniú sin leis an Ríocht Aontaithe i dtaca le Tuaisceart Éireann de.

Is éard atá in 'ainmhithe uisceacha' ainmhithe mar a shainmhínítear iad i bpointe (3) d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Is éard atá in 'ainmhithe dobharshaothraithe' ainmhithe uisceacha atá faoi réir dobharshaothrú mar a shainmhínítear iad i bpointe (7) d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/429.

Gach ainmhí uisceach agus gach táirge de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha seachas ainmhithe uisceacha beo, a bhfuil feidhm ag Cuid II.2.4. den deimhniú seo ina leith, ní mór dóibh a bheith de thionscnamh tíre/críche/limistéir/urrainne atá ar liosta de thríú tíortha agus de chríocha a ghlac an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 230(1) de Rialachán (AE) 2016/429.

Ní bheidh feidhm ag cuid II.2.4. den deimhniú maidir leis na crústaigh agus na héisc seo a leanas, agus dá bhrí sin, d'fhéadfadh siad a bheith de thionscnamh tíre/críche nó de chuid de thír/chríoch, atá liostaithe ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 127(2) de Rialachán (AE) 2017/625:

(a) crústaigh atá pacáistithe agus lipéadaithe mar tháirgí atá le caitheamh ag an duine i gcomhréir leis na ceanglais shonracha a bhaineann leis na hainmhithe sin a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh 853/2004 agus nach féidir leo maireachtáil mar ainmhithe beo a thuilleadh má chuirtear ar ais sa chomhshaol uisceach iad,

(b) crústaigh atá ceaptha le caitheamh ag an duine agus nach bhfuil próiseáil bhreise le déanamh orthu, ar an gcoinníoll go ndéantar iad a phacáistiú lena miondíol i gcomhréir leis na ceanglais le haghaidh na bpacáistí sin a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004,

(c) crústaigh atá pacáistithe agus lipéadaithe mar tháirgí atá le caitheamh ag an duine de réir na gceanglas sonrach a bhaineann leis na hainmhithe sin a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh 853/2004 agus atá ceaptha le próiseáil bhreise gan iad a stóráil go sealadach ar an láthair phróiseála,

(d) éisc a mharaítear agus a dhí-innítear sula seoltar iad.

Tá feidhm ag an deimhniú sin maidir le táirgí ar de bhunadh ainmhíoch iad agus maidir le hainmhithe uisceacha beo lena n-áirítear iad siúd arb í bunaíocht rialaithe galar do bhia uisceach a gceann scríbe mar a shainmhínítear í i bpointe 52 d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/429 atá ceaptha le caitheamh ag an duine i gcomhréir le Roinn VII d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

Déanfar an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil sin a chomhlánú de réir na nótaí a bhaineann le comhlíonadh na ndeimhnithe dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235.

Cuid I:

Tagairt bosca I.20:	Cuir tic le 'Tionscal cannadóireachta' i gcás iasc iomlán a reoitear ar dtús faoi sháile ag -9 °C nó ag teocht níos airde ná -18 °C agus atá ceaptha le cannú i gcomhréir le ceanglais Roinn VIII, Caibidil I, pointe II(7) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. Cuir tic le 'Táirgí lena gcaitheamh ag an duine' nó 'Próiseáil bhreise' i gcásanna eile.
Tagairt bosca I.27:	Cuir isteach an cód Córas Comhchuibhithe (CC)/na cóid Chóras Comhchuibhithe (CC) iomchuí agus úsáid á baint as ceannteidil amhail na cinn seo a leanas: 0301, 0302, 0303, 0304, 0305, 0306, 0307, 0308, 0511, 1504, 1516, 1518, 1603, 1604, 1605 nó 2106.
Tagairt bosca I.27:	Tuairisc ar an gcoinsíneacht: 'Cineál an tráchtearra': Sonraigh cé acu an táirge de thionscnamh dobharshaothraithe nó de tionscnamh fiáin é. 'Cineál cóireála': Sonraigh cé acu an táirge beo, fuaraithe, reoite nó próiseáilte atá ann. 'Monarcha monaraíochta': lena n-áirítear soitheach próiseála, soitheach-reoiteoir, soitheach cuisniúcháin, fuarstóras agus monarcha próiseála.

Cuid II:

(1) Níl feidhm ag Cuid II.1. den deimhniú seo maidir le tíortha a bhfuil ceanglais ar leith orthu maidir le deimhniúchán sláinte poiblí, ceanglais a leagtar síos i gcomhaontuithe coibhéise nó i reachtaíocht eile de chuid an Aontais.

(2) Níl feidhm ag Cuid II.2. den deimhniú seo, agus ba cheart é a scriosadh, i gcás ina bhfuil sa choinsíneacht na nithe seo a leanas: (a) speicis eile seachas iad sin a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún (*); nó (b) ainmhithe uisceacha fiáine agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó na hainmhithe uisceacha sin a thugtar i dtír ó shoithí iascaireachta agus atá le caitheamh ag an duine; nó (c) táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe eile seachas ainmhithe uisceacha beo a thugtar isteach san Aontas agus iad réidh le caitheamh go díreach ag an duine.

(3) Speicis a liostaítear i gcolúin 3 agus 4 den tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882. Ní mheasfar gur veicteoirí iad na speicis a liostaítear i gcolún 4 ach amháin faoi na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 171 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

(4) Le coinneáil, más iomchuí/le scriosadh mura bhfuil sé infheidhme.

(5) Cód an tríú tír/na críche/an limistéir/na hurrainne mar a fheictear é ar liosta de thríú tíortha agus de chríocha a ghlac an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 230(1) de Rialachán (AE) 2016/429.

(6) Ní bheidh feidhm ag Codanna II.2.3.1, II.2.3.2 ná ag Cuid II.2.4 den deimhniú seo agus ba cheart iad a scriosadh más rud é nach bhfuil sa choinsíneacht ach na crústaigh nó na héisc seo a leanas:

(a) crústaigh atá pacáistithe agus lipéadaithe mar tháirgí atá le caitheamh ag an duine de réir na gceanglas sonrach a bhaineann leis na hainmhithe sin a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh 853/2004 agus nach féidir leo maireachtáil mar ainmhithe beo a thuilleadh má chuirtear ar ais sa chomhshaol uisceach iad,

(b) crústaigh atá ceaptha le caitheamh ag an duine agus nach bhfuil próiseáil bhreise le déanamh orthu, ar an gcoinníoll go ndéantar iad a phacáistiú lena miondíol i gcomhréir leis na ceanglais le haghaidh pacáistí den sórt sin mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004,

(c) crústaigh atá pacáistithe agus lipéadaithe mar tháirgí atá le caitheamh ag an duine i gcomhréir leis na ceanglais shonracha a bhaineann leis na hainmhithe sin a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh 853/2004 agus atá ceaptha le próiseáil bhreise gan iad a stóráil go sealadach ar an láthair phróiseála,

(d) éisc a mharaítear agus a dhí-innítear sula seoltar iad.

(7) Is infheidhme i gcás ina bhfuil stádas saor ó ghalair ag an mBallstát cinn scríbe san Aontas maidir le galar de chatagóir C mar a shainmhínítear é i bpointe (3) d'Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882, nó i gcás ina bhfuil sé faoi réir clár díothaithe roghnach a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 31(2) de Rialachán (AE) 2016/429, i ngach cás eile, déanfar é a scriosadh.

(8) Is infheidhme i gcás ina bhfuil bearta náisiúnta formheasta déanta ag an mBallstát cinn scríbe san Aontas maidir le galar sonrach, ar bearta iad atá formheasta ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 226 de Rialachán (AE) 2016/429, i ngach cás eile, déanfar é a scriosadh.

(9) Speicis a liostaítear i gcolún 2 den tábla in Iarscríbhinn XXIX a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 maidir le galair a bhfuil bearta náisiúnta ag na Ballstáit ina leith dá bhforáiltear in Airteagal 226 de Rialachán (AE) 2016/429.

(10) le síniú ag:

— tréidlia oifigiúil i gcás nach scriostar cuid II.2 Deimhniú sláinte ainmhithe

— oifigeach deimhniúcháin nó tréidlia oifigiúil i gcás ina scriostar cuid II.2 Deimhniú sláinte ainmhithe.

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coisctheacha agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm ar chatagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta de speicis agus liosta de ghrúpaí speiceas a bhfuil baol suntasach ag baint leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21).";

2. I gCaibidil 31, ar an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil caighdeánach i dtaca le héisc bheo, crústaigh bheo agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó na hainmhithe sin atá ceaptha le caitheamh ag an duine a thabhairt isteach san Aontas (CAIGHDEÁN MOL-HC), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na Nótaí:

"**Nótaí**

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, baineann tagairtí do 'Aontas Eorpach' leis an Ríocht Aontaithe i dtaca le Tuaisceart Éireann de.

Is éard atá in 'ainmhithe uisceacha' ainmhithe mar a shainmhínítear i bpointe (3) d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Is éard atá in 'ainmhithe dobharshaothraithe' ainmhithe uisceacha atá faoi réir dobharshaothraithe mar a shainmhínítear i bpointe (7) d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/429.

Gach ainmhí uisceach agus gach táirge de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha seachas ainmhithe uisceacha beo, a bhfuil feidhm ag Cuid II.2.4. den deimhniú seo ina leith, ní mór dóibh a bheith de thionscnamh tíre/críche/limistéir/urrainne atá ar liosta de thríú tíortha agus de chríocha a ghlac an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 230(1) de Rialachán (AE) 2016/429.

Ní bheidh feidhm ag cuid II.2.4. den deimhniú maidir leis na hainmhithe uisceacha seo a leanas, agus dá bhrí sin, d'fhéadfadh siad a bheith de thionscnamh tíre nó de réigiún den tír sin atá liostaithe ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 127(2) de Rialachán (AE) 2017/625:

(a) moilisc atá pacáistithe agus lipéadaithe mar tháirgí atá le caitheamh ag an duine i gcomhréir leis na gceanglas sonrach a bhaineann leis na hainmhithe sin a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh 853/2004 agus nach féidir leo maireachtáil mar ainmhithe beo a thuilleadh má chuirtear ar ais sa chomhshaol uisceach iad;

(b) moilisc atá ceaptha le caitheamh ag an duine agus nach bhfuil próiseáil bhreise le déanamh orthu, ar an gcoinníoll go ndéantar iad a phacáistiú lena miondíol i gcomhréir leis na ceanglais maidir le pacáistí den sórt sin a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(c) moilisc atá pacáistithe agus lipéadaithe mar tháirgí atá le caitheamh ag an duine i gcomhréir leis na ceanglais shonracha a bhaineann leis na hainmhithe sin a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh 853/2004 agus atá ceaptha le próiseáil breise a bheith déanta orthu gan stóráil shealadach ar an láthair phróiseála.

Déanfar an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil sin a chomhlánú de réir na nótaí a bhaineann le comhlíonadh na ndeimhnithe dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235.

Cuid I:

Tagairt bosca I.8: Réigiún tionscnaimh: sonraigh an limistéar táirgeachta agus a aicmiú ag tráth na buainte.

Cuid II:

(1) Níl feidhm ag Cuid II.1. maidir le tíortha a bhfuil ceanglais ar leith orthu maidir le deimhniúcháin sláinte poiblí a leagtar síos i gcomhaontuithe coibhéise nó i reachtaíocht eile de chuid an Aontais.

(2) Níl feidhm ag Cuid II.2., agus ba cheart é a scriosadh, i gcás ina bhfuil na nithe seo a leanas sa choinsíneacht: (a) speicis seachas iad sin a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún (*); nó (b) ainmhithe uisceacha fiáine agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó na hainmhithe uisceacha fiáine sin atá le caitheamh ag an duine agus a thugtar i dtír ó shoithí iascaireachta; nó (c) táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha eile seachas ainmhithe uisceacha beo a thugtar isteach san Aontas agus iad réidh le caitheamh go díreach ag an duine.

(3) Speicis a liostaítear i gcolúin 3 agus 4 den tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882. Ní mheasfar gur veicteoirí iad na speicis a liostaítear i gcolún 4 ach amháin faoi na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 171 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

(4) Le coinneáil, más iomchuí/le scriosadh mura bhfuil sé infheidhme.

(5) Cód an tríú tír/na críche/an limistéir/na hurrainne mar a fheictear é ar liosta de thríú tíortha agus de chríocha a ghlac an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 230(1) de Rialachán (AE) 2016/429.

(6) Ní bheidh feidhm ag Codanna II.2.3.1, II.2.3.2 ná ag Cuid II.2.4 agus ba cheart iad a scriosadh más rud é nach bhfuil sa choinsíneacht ach na crústaigh nó na héisc seo a leanas:

(a) moilisc atá pacáistithe agus lipéadaithe mar tháirgí atá le caitheamh ag an duine i gcomhréir leis na ceanglais shonracha a bhaineann leis na hainmhithe sin a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh 853/2004 agus nach féidir leo maireachtáil mar ainmhithe beo a thuilleadh má chuirtear ar ais sa chomhshaol uisceach iad,

(b) moilisc atá ceaptha le caitheamh ag an duine agus nach bhfuil próiseáil bhreise le déanamh orthu, ar an gcoinníoll go ndéantar iad a phacáistiú lena miondíol i gcomhréir leis na ceanglais do na pacáistí sin a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004,

(c) moilisc atá pacáistithe agus lipéadaithe mar tháirgí atá le caitheamh ag an duine i gcomhréir leis na ceanglais shonracha a bhaineann leis na hainmhithe sin a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh 853/2004 agus atá ceaptha le próiseáil bhreise gan iad a stóráil go sealadach ar an láthair phróiseála.

(7) Is infheidhme i gcás ina bhfuil stádas saor ó ghalair ag an mBallstát cinn scríbe/an limistéar cinn scríbe/an urrann chinn scríbe san Aontas maidir le galar de chatagóir C mar a shainmhínítear i bpointe (3) d'Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882, nó i gcás ina bhfuil sé faoi réir clár díothaithe roghnach a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 31(2) de Rialachán (AE) 2016/429, agus sa chás sin amháin agus i ngach cás eile, déanfar é a scriosadh.

(8) Is infheidhme i gcás ina bhfuil bearta náisiúnta formheasta déanta ag an mBallstát cinn scríbe san Aontas maidir le galar sonrach, ar bearta iad atá formheasta ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 226 de Rialachán (AE) 2016/429, i ngach cás eile, déanfar é a scriosadh.

(9) Speicis a liostaítear i gcolún 2 den tábla in Iarscríbhinn XXIX a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 maidir le galair a bhfuil bearta náisiúnta ag na Ballstáit ina leith dá bhforáiltear in Airteagal 226 de Rialachán (AE) 2016/429.

(10) le síniú ag:

— tréidlia oifigiúil i gcás nach scriostar cuid II.2 Deimhniú sláinte ainmhithe

— oifigeach deimhniúcháin nó tréidlia oifigiúil i gcás ina scriostar cuid II.2 Deimhniú sláinte ainmhithe.

_____

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coisctheacha agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm ar chatagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta de speicis agus liosta de ghrúpaí speicis a bhfuil baol suntasach ag baint leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin, (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21).";

Airteagal 2

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

"*Airteagal 7*

Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach i dtaca le hainmhithe uisceacha a thabhairt isteach san Aontas, ainmhithe atá ceaptha le cur i mbunaíochtaí dobharshaothraithe, atá le scaoileadh amach san fhiadhúlra, nó chun críocha eile, ach nach bhfuil le caitheamh ag an duine

An deimhniú sláinte ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(b) atá le húsáid le haghaidh coinsíneachtaí ainmhithe uisceacha a thabhairt isteach san Aontas, ainmhithe atá ceaptha le cur i mbunaíochtaí dobharshaothraithe agus atá le scaoileadh amach san fhiadhúlra, nó chun críocha eile, ach nach bhfuil le caitheamh ag an duine, beidh an deimhniú sin ag teacht leis an deimhniú AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER a tarraingíodh suas i gcomhréir leis an deimhniú caighdeánach a leagtar amach in Iarscríbhinn II.";

2. Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 21 Aibreán 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Aibreán 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

“

IARSCRÍBHINN II

Tá an deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach seo a leanas in Iarscríbhinn II:

Caighdeán

AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/ OTHER	Deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach i dtaca le hainmhithe uisceacha a thabhairt isteach san Aontas, ainmhithe atá ceaptha le cur i mbunaíochtaí dobharshaothraithe, atá le scaoileadh amach san fhiadhúlra, nó chun críocha eile, ach gan a bheith le caitheamh ag an duine

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH I dTACA LE hAINMHITHE UISCEACHA A THABHAIRT ISTEACH SAN AONTAS, AINMHITHE ATÁ CEAPTHA LE CUR I mBUNAÍOCHTAÍ DOBHARSHAOTHRAITHE ÁIRITHE, ATÁ LE SCAOILEADH AMACH SAN FHIADHÚLRA, NÓ CHUN CRÍOCHA EILE, ACH GAN A BHEITH LE CAITHEAMH AG AN DUINE (CAIGHDEÁN 'AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER')

TÍR			Deimhniú caighdeánach AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER
Cuid II: Deimhniúchán	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt CBFRO**

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil, a bhfuil mó shíniú thíos:

II.1. De réir na faisnéise oifigiúla, comhlíonann na hainmhithe uisceacha dá dtagraítear i mBosca I.27 de Chuid I na ceanglais seo a leanas maidir le sláinte ainmhithe:

II.1.1. Is de thionscnamh [1][bunaíocht] [1][gnáthóg] iad na hainmhithe uisceacha, ar áit í nach bhfuil faoi réir bearta srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe ná de bharr mortlaíochtaí mhínormálta a bhfuil cúis neamhchinntithe leo, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún agus na galair atá ag teacht chun cinn.

II.1.2. Ní bheartaítear na hainmhithe uisceacha a mharú faoi chlár náisiúnta chun galair a dhíothú, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún agus na galair atá ag teacht chun cinn.

[1][II.2. Comhlíonann na hainmhithe uisceacha dá dtagraítear i mBosca I.27 de Chuid I na ceanglais seo a leanas:

II.2.1. Tagann siad ó bhunaíocht dobharshaothraithe atá [1][cláraithe] [1][formheasta] ag údarás inniúil an tríú tír nó an tríú críoch tionscnaimh, agus atá faoina rialú, agus ar bunaíocht í ina bhfuil córas i bhfeidhm le taifid atá cothrom le dáta a choinneáil ar bun agus a choimeád ar feadh tréimhse 3 bliana ar a laghad, ar taifid iad ina bhfuil faisnéis maidir leis an méid seo a leanas:

(i) speicis, catagóirí agus líon na n-ainmhithe dobharshaothraithe atá sa bhunaíocht dobharshaothraithe;

(ii) gluaiseachtaí na n-ainmhithe uisceacha isteach sa bhunaíocht dobharshaothraithe agus amach aisti;

(iii) an mhortlaíocht sa bhunaíocht dobharshaothraithe.

II.2.2. Tagann siad as bunaíocht dobharshaothraithe a dtugann thréidlia cuairteanna rialta ar mhaithe le sláinte na n-ainmhithe chun críche comharthaí a bhrath atá ina léiriú ar na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún agus ar na galair atá ag teacht chun cinn agus go mbíonn minice na gcuairteanna sin comhréireach leis an riosca a bhaineann leis an mbunaíocht dobharshaothraithe.]

II.3. Ceanglais ghinearálta sláinte

Comhlíonann na hainmhithe uisceacha dá dtagraítear i mBosca I.27 de Chuid I na ceanglais seo a leanas:

II.3.1. Is de thionscnamh [1][tír] [1][críoch], [1][limistéar] [1][urrann] iad na hainmhithe uisceacha le [2]cód: __ __ - __ a liostaítear, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo, ar liosta tríú tíortha agus críocha a ghlac an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 230(1) de Rialachán (AE) 2016/429 i dtaca le speicis áirithe de ainmhithe uisceacha a thabhairt isteach san Aontas.

II.3.2. Tá cigireacht chliniciúil déanta ag tréidlia oifigiúil orthu laistigh de thréimhse 72 uair an chloig roimh am an luchtaithe. Le linn na cigireachta, níor léirigh na hainmhithe uisceacha aon siomptóm cliniciúil de ghalair in-tarchurtha agus, de réir thaifid ábhartha na bunaíochta dobharshaothraithe, ní raibh aon chomhartha ann go raibh fadhbanna galair ann.

II.3.3. Déanfar iad a sheoladh go díreach ón mbunaíocht tionscnaimh chuig an Aontas.

II.3.4. Ní raibh siad i dteagmháil le hainmhithe uisceacha a bhfuil stádas sláinte níos ísle acu.

TÍR	Deimhniú caighdeánach AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER
	[(1) nó][**II.4. Ceanglais shonracha sláinte**
	II.4.1. Ceanglais maidir le [(3)]speicis liostaithe i dtaca le neacróis fhuilghinte Eipeasótach, Ionfhabhtú le Mikrocytos mackini, Ionfhabhtú le Perkinsus marinus, Ionfhabhtú le víreas Shiondróm Taura agus Ionfhabhtú le víreas ceannbhuí
	Maidir leis na hainmhithe uisceacha dá dtagraítear i mBosca I.27 de Chuid I, is de thionscnamh [(1)][tír] [(1)][críoch] [(1)][limistéar] [(1)][urrann] iad, áit ar dearbhaíodh ina leith go bhfuil sí saor ó na galair seo a leanas: [(1)][neacróis fhuilghinte Eipeasótach] [(1)][Ionfhabhtú le Mikrocytos mackini] [(1)][, Ionfhabhtú le Perkinsus marinus] [(1)][, Ionfhabhtú le víreas Shiondróm Taura] [(1)][Ionfhabhtú le víreas ceannbhuí] i gcomhréir le coinníollacha atá ar a laghad chomh docht céanna leo sin a leagtar amach in Airteagal 66 nó in Airteagal 73(1) agus Airteagal 73(2)(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún agus áit ina bhfuil gach [(3)]speiceas liostaithe maidir leis an ngalar ábhartha agus na galair ábhartha:
	(i) á thabhairt isteach ó [(1)][tír] [(1)][críoch] [(1)][limistéar] [(1)][urrann] eile, ar áit í ar dearbhaíodh ina leith gur saor ón ngalar céanna agus ó na galair chéanna atá sí;
	(ii) nach bhfuil gach speiceas atá liostaithe vacsaínithe in aghaidh an ghalair [(1)] [sin] na ngalar [(1)][siúd].
	[(1)(4)][**II.4.2. Ceanglais le haghaidh [(3)]speiceas liostaithe maidir le Víreas na seipticéime fuilreatha víreasaí (VHS), Neacróis fhuilghinte ionfhabhtaíoch (IHN), ionfhabhtú víreas ainéime ionfhabhtaíoch na mbradán HPR-scriosta (ISAV), ionfhabhtú le *Marteilia refringens*, ionfhabhtú le *Bonamia exitiosa*, ionfhabhtú le *Bonamia ostreae*, agus ionfhabhtú le víreas na spotaí bána**
	Maidir leis na hainmhithe uisceacha dá dtagraítear i mBosca I.27 de Chuid I, is de thionscnamh [(1)][tír] [(1)][críoch] [(1)][limistéar] [(1)][urrann] iad, áit ar dearbhaíodh ina leith go bhfuil sí saor ó na galair seo a leanas: [(1)][Víreas na seipticéime fuilreatha víreasaí (VHS)] [(1)][Neacróis fhuilghinte ionfhabhtaíoch (IHN)] [(1)][ionfhabhtú víreas ainéime ionfhabhtaíoch na mbradán HPR-scriosta (ISAV)] [(1)][ionfhabhtú le *Marteilia refringens*] [(1)][ionfhabhtú le *Bonamia exitiosa*] [(1)][ionfhabhtú le *Bonamia ostreae*] [(1)][ionfhabhtú le víreas na spotaí bána] i gcomhréir le Caibidil 4 de Chuid II de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún agus áit ina bhfuil gach [(3)]speiceas liostaithe maidir leis an ngalar ábhartha agus na galair ábhartha:
	(i) á thabhairt isteach ó [(1)][tír] [(1)][críoch] [(1)][limistéar] [(1)][urrann] eile, ar áit í ar dearbhaíodh ina leith gur saor ón ngalar céanna agus ó na galair chéanna í;
	(ii) nach bhfuil gach speiceas atá liostaithe vacsaínithe in aghaidh an ghalair [(1)] [sin] na ngalar[(1)][siúd].]
	[(1)(5)][**II.4.3. Ceanglais le haghaidh[(6)]speiceas atá so-ghabhálach i leith ionfhabhtú víréime an Earraigh um víreas carbáin (SVC), galar baictéarach duáin (BKD), ionfhabhtú leis an víreas neacróis phaincréasach thógálach(IPN), ionfhabhtú le Gíreadachtalóis (GS), ionfhabhtú le alfa-víreas salmainide (SAV) ionfhabhtú le víreas heirpéis Ostreid 1 µvar (OsHV-1 µvar) agus[(3)] speiceas atá so-ghabhálach i leith víreas heirpéis Koi**
	Maidir leis na hainmhithe uisceacha dá dtagraítear i mBosca I.27 de Chuid I, is de thionscnamh [(1)][tír] [(1)][críoch] [(1)][limistéar] [(1)][urrann] iad, ar áit í a chomhlíonann na ráthaíochtaí sláinte a mhéid a bhaineann le [(1)][SVC], [(1)][BKD], [(1)][IPN], [(1)][G. salaris], [(1)][SAV], [(1)][OsHV-1 µvar], [(1)][KHV], ar ráthaíochtaí iad atá riachtanach chun comhlíonadh a dhéanamh leis na bearta náisiúnta atá i bhfeidhm sa

TÍR	Deimhniú caighdeánach AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER
	Bhallstát cinn scríbe, mar a leagtar síos i ngníomhartha cur chun feidhme a ghlac an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 226(3) de Rialachán (AE) 2016/429.]
	[(1)]*nó*[**II.4. Ceanglais shonracha sláinte** Maidir leis na hainmhithe uisceacha dá dtagraítear i mBosca I.27 de Chuid I, is ainmhithe uisceacha iad atá ceaptha le cur i mbunaíocht theoranta a chomhlíonann ceanglais Airteagal 9 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/691 ón gCoimisiún, áit a mbainfear úsáid astu chun críocha taighde.]
	[(1)]*nó*[**II.4. Ceanglais shonracha sláinte** Maidir leis na hainmhithe uisceacha dá dtagraítear i mBosca I.27 de Chuid I, is ainmhithe uisceacha fiáine iad a bhí, [(1)][faoi réir coraintín i mbunaíocht a bhí formheasta chun na críche sin ag an údarás inniúil sa [(1)][tír] [(1)][críoch] tionscnaimh nó thionscnaimh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/691 ón gCoimisiún.] [(1)][beidh sé faoi réir coraintín i mbunaíocht atá formheasta chun na críche sin i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/691 ón gCoimisiún.]
	II.5. A mhéid is eol dom, agus mar a dhearbhaíonn an t-oibreoir, ní léiríonn na hainmhithe sa choinsíneacht aon siomptóm de ghalair agus tagann siad ó [(1)][bunaíocht] [(1)][gnáthóg] a bhfuil na dálaí seo a leanas a baint léi: (i) ní raibh aon bhás mínormálta inti a raibh cúis neamhchinntithe leis; agus (ii) ní raibh na hainmhithe uisceacha i dteagmháil le hainmhithe ar coimeád de [(3)]speiceas liostaithe nár chomhlíon na ceanglais dá dtagraítear i bpointe II.I.
	II.6. Ceanglais iompair Rinneadh socruithe chun na hainmhithe uisceacha dá dtagraítear i mBosca I.27 de Chuid I a iompar i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 167 agus 168 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún agus go sonrach: II.6.1. go seoltar na hainmhithe uisceacha go díreach ón mbunaíocht tionscnaimh chuig an Aontas agus nach ndíluchtaítear óna gcoimeádán iad agus iad á n-iompar d'aer, de mhuir, d'iarnród nó de bhóthar; II.6.2. nach n-athraítear an t-uisce ina n-iompraítear iad i dtríú tír nó i dtríú críoch, i limistéar nó in urrann nach bhfuil liostaithe le haghaidh an speicis áirithe agus na catagóire áirithe ainmhithe uisceacha a thabhairt isteach san Aontas; II.6.3. nach n-iompraítear na hainmhithe faoi dhálaí a gcuirfidh i gcontúirt a stádas sláinte, go háirithe: (i) nuair a iompraítear na hainmhithe in uisce, ní athróidh sé a stádas sláinte; (ii) go ndéanfar an modh iompair agus na coimeádáin a thógáil ar bhealach nach gcuirfear stádas sláinte na n-ainmhithe uisceacha i gcontúirt le linn a n-iompair; (iii) nár baineadh úsáid cheana as an [(1)][coimeádán] [(1)][bád umair], nó go glanfar agus go ndíghalrófar é i gcomhréir le prótacal agus le táirgí atá formheasta ag údarás inniúil an [(1)][tríú tír] [(1)][críoch] tionscnaimh, roimh lasta a luchtú le haghaidh a seolta chuig an Aontas; II.6.4. ón am luchtaithe ag an mbunaíocht tionscnaimh go dtí am sroichte an Aontais, ní iomprófar na hainmhithe sa choinsíneacht san uisce céanna ná sa [(1)] [choimeádán] [(1)] [bád umair] in éineacht le hainmhithe uisceacha a bhfuil stádas sláinte níos ísle acu nó nach bhfuil ceaptha le tabhairt isteach san Aontas;

TÍR	Deimhniú caighdeánach AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER

II.6.5. i gcas ina bhfuil gá leis an uisce a athrú i [1] [tríú tír] [1] [críoch] [1] [limistéar] [1] [urrann] atá liostaithe le haghaidh an speicis áirithe agus na catagóire áirithe ainmhithe uisceacha a thabhairt isteach san Aontas, nach ndéanfar an t-athrú [1][i gcás iompair ar an talamh, ag pointe athraithe uisce atá formheasta ag údarás inniúil an [1] [tríú tír] [1] [críoch] san áit a ndéantar an t-uisce a t-athrú.] [1][i gcás iompar ar bhád umair, ar a laghad ar fhad 10 km ó aon bhunaíocht dobharshaothraithe atá suite faoi bhealach ón áit tionscnaimh go dtí an ceann scríbe san Aontas.]

II.7. Ceanglais lipéid

Rinneadh socruithe chun na [1] [modhanna iompair] [1][coimeádáin] a shainaithint agus a lipéadú i gcomhréir le hAirteagail 169(1) agus 169(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún agus go sonrach:

II.7.1. go n-aithnítear an choinsíneacht le [1][lipéad inléite agus infheicthe ar an taobh amuigh den choimeádán][1][iontráil sa lastliosta loinge i gcás ina n-iompraítear é bád umair,] lena nasctar go soiléir an choinsíneacht leis an deimhniú sláinte ainmhithe seo;

II.7.2. ar an lipéad inléite agus infheicthe beidh an méid seo a leanas, ar a laghad:

(a) líon na gcoimeádán sa choinsíneacht;

(b) ainm an speicis atá i ngach coimeádán;

(c) líon na n-ainmhithe i ngach coimeádán le haghaidh gach speiceas atá ann;

(d) an chríoch a bhfuil beartaithe do na hainmhithe.

II.8. Bailíocht an deimhnithe shláinte ainmhithe

Is le haghaidh tréimhse 10 lá a bheidh an deimhniú sláinte ainmhithe seo bailí, ag tosú ar dháta a eisiúna. I gcás iompar ainmhithe uisceacha ar uiscebhealach/ar mhuir, féadfaidh síneadh a chur leis an tréimhse 10 lá, síneadh arb ionann é agus fad an turais ar uiscebhealach/ar mhuir.

Nótaí

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, baineann tagairtí do 'Aontas Eorpach' leis an Ríocht Aontaithe i dtaca le Tuaisceart Éireann de.

Is éard atá in 'ainmhithe uisceacha' ainmhithe mar a shainmhínítear iad i bpointe (3) d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 2016/429. Is éard atá in 'ainmhithe dobharshaothraithe' ainmhithe uisceacha atá faoi réir dobharshaothrú mar a shainmhínítear iad i bpointe (7) d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/429.

Maidir leis an deimhniú caighdeánach seo, tá sé beartaithe le haghaidh ainmhithe uisceacha a thabhairt isteach san Aontas, ainmhithe a bhfuil an chríoch atá beartaithe dóibh léirithe i dteideal an deimhnithe, lena n-áirítear cásanna nárbh é an tAontas ceann scríbe deiridh na n-ainmhithe sin.

Ní úsáidfear an deimhniú caighdeánach seo chun ainmhithe uisceacha atá ceaptha le caitheamh ag an duine a thabhairt isteach san Aontas, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún, lena n-áirítear na hainmhithe sin atá ceaptha le cur go dtí na bunaíochtaí dobharshaothraithe seo a leanas:

(i) bunaíocht rialaithe galar do bhia uisceacha mar a shainmhínítear í i bpointe (52) d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/429, nó

(ii) lárionad seolta mar a shainmhínítear é i bpointe (3) d'Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/691 ón gCoimisiún,

ar cheart úsáid a bhaint as deimhniú caighdeánach FISH-CRUST-HC ina leith, mar a leagtar amach i gCaibidil 28 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún, nó deimhniú caighdeánach MOL-HC mar a leagtar amach i gCaibidil 31 d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán céanna, de réir mar is ábhartha.

TÍR		Deimhniú caighdeánach AQUA-ENTRY-ESTAB/RELEASE/OTHER
	Déanfar an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil sin a chomhlánú de réir na nótaí a bhaineann le comhlíonadh na ndeimhnithe dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún. **Cuid II:** (1) Coinnigh, más iomchuí/scrios mura bhfuil sé infheidhme. (2) Cód an tríú tír/críoch/limistéir/urrann mar atá sé ar liosta de thríú tíortha agus críocha a ghlac an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 230(1) de Rialachán (AE) 2016/429. (3) Speicis a liostaítear i gcolúin 3 agus 4 den tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún. Ní mheasfar gur veicteoirí iad na speicis veicteora a liostaítear i gcolún 4 ach amháin má chomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn XXX a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún. (4) Infheidhme i ngach cás ina bhfuil ainmhithe uisceacha chun a bheith scaoilte amach san fhiadhúlra san Aontas nó i gcas ina bhfuil stádas saor ó ghalair ag an mBallstát cinn scríbe maidir le galar de chatagóir C mar a shainmhínítear i bpointe (3) d'Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún, nó i gcás ina bhfuil sé faoi réir clár díothaithe roghnach a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 31(2) de Rialachán (AE) 2016/429. (5) Infheidhme i gcás ina bhfuil bearta náisiúnta formheasta déanta ag an mBallstát cinn scríbe maidir le galar sonrach, ar bearta iad atá formheasta ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 226 de Rialachán (AE) 2016/429, agus sa chás sin amháin. (6) Speicis a liostaítear i gcolún 2 den tábla in Iarscríbhinn XXIX a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún.	
	An tréidlia oifigiúil Ainm (i gceannlitreacha) Dáta — Cáilíocht agus teideal Stampa — Síniú"	